CINNEADH (AE) 2022/485 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 17 Márta 2022

lena leasaítear Cinneadh 2010/264/AE maidir le riar oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe a thabharfaidh an tAontas i gcrích faoin sásra cobhsaíochta airgeadais Eorpach

(ECB/2022/11)

Tá COMHAIRLE RIALAITHE an Bhainc Ceannais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 122(2) agus 132(1) de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 17 agus 21 agus Airteagal 34.1 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2010 lena mbunaítear sásra cobhsaíochta airgeadais Eorpach ([1]), agus go háirithe Airteagal 8 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart taiscí a shealbhaítear sa Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/624/AE ón mBanc Ceannais Eorpach BCE/2010/17 ([2]) a íoc i gcomhréir le forálacha Airteagal 2(1) de Chinneadh (AE) 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/31) ([3]) chun an chomhsheasmhacht a áirithiú a mhéid a bhaineann le híocaíocht taiscí inchomparáide ar fud an Eurochórais.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/624/AE (ECB/2010/17) a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4 de Chinneadh 2010/624/AE (ECB/2010/17):

"*Airteagal 4*

Íocfar na cuntais dá dtagraítear in Airteagal 2 i gcomhréir le forálacha Airteagal 2(1) de Chinneadh (AE) 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/31) (*).

(*) Cinneadh (AE) 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach an 15 Deireadh Fómhair 2019 maidir le sealúchais cúlchistí farasbairr agus taiscí áirithe a íoc (BCE/2019/31) (IO L 267, 21.10.2019, lch. 12).".

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an cúigiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 118, 12.5.2010, lch. 1.

([2]) Cinneadh 2010/624/AE ón mBanc Ceannais Eorpach an 14 Deireadh Fómhair 2010 maidir le riar oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe a thabharfaidh an tAontas i gcrích faoin sásra cobhsaíochta airgeadais Eorpach (BCE/2010/17) (IO L 275, 20.10.2010, lch. 10).

([3]) Cinneadh (AE) 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach an 15 Deireadh Fómhair 2019 maidir le sealúchais cúlchistí farasbairr agus taiscí áirithe a íoc (BCE/2019/31) (IO L 267, 21.10.2019, lch. 12).

Arna dheanamh in Frankfurt am Main, 17 Márta 2022.

Uachtarán an BCE
Christine LAGARDE